An Sáirsint Maurice McCabe: Cúlra an scéil

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc a thugann cúlra dúinn ar scéal an tSáirsint McCabe. Sula bhféachann tú ar an mír, pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat.

1. Cad atá ar eolas agat faoi scéal Maurice McCabe?
2. An bhfuil an obair a dhéanann an Garda Síochána deacair, dar leat? Cén fáth a ndeir tú amhlaidh?
3. An bhfuil muinín agat as ár bpolaiteoirí faoi láthair? Cén fáth?

Ceist 2 Féach féin agus an duine in aice leat ar na focail seo a bheidh le cloisteáil sa mhír. An féidir libh na focail Ghaeilge a cheangal leis na focail Bhéarla?

1. líomhaintí	*a. a private meeting*
2. cruinniú príobháideach	*b. the penalty points system*
3. (An) Coiste um Chuntais Phoiblí	*c. an investigation*
4. ag maitheamh	*d. sex abuse*
5. athbhreithniú	*e. whistle-blowers*
6. córas na bpointí pionóis	*f. allegations*
7. sceithirí	*g. pardoning*
8. iniúchadh	*h. a defamation/smear campaign*
9. feachtas clúmhillte	*i. a review*
10. mí-úsáid ghnéis	*j. (The) Public Accounts Committee*

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10

Anois, féach ar an tuairisc den chéad uair le feiceáil an féidir leat na focail sin a aithint sa mhír nuachta.

Ceist 3 Féach ar an tuairisc arís agus líon na bearnaí sa script leis na focail ó cheist 2 thuas.

Eimear Ní Chonaola
Tá na _____ a rinne an Garda Sáirsint Maurice McCabe maidir le míchleachtais i measc gardaí áirithe ag dul siar go dtí 2008. Caithfidh Irene Ní Nualláin súil anois ar chúlra an scéil.

Irene Ní Nualláin
In 2008 a thug an Garda Sáirsint Maurice McCabe le fios ar dtús go raibh imní air faoi chleachtais i measc gardaí áirithe. Ag _____ a bhí ag McCabe leis an g_____ in 2014, dúirt sé go mbíodh Gardaí _____ pointí pionóis do dhaoine ar bhonn rialta. Dhá mhí ina dhiaidh sin, fógraíodh _____ ar _____*. Dúirt Coimisinéir na nGardaí, Martin Callinan, leis an gCoiste um Chuntais Phoiblí go raibh iompar na _____ déistineach, focal a bhféadfaí brí eile a bhaint as i bhfianaise an méid atá nochta le seachtain anuas. Coicís ina dhiaidh sin, d'fhógair an Coimisinéir Callinan go raibh sé ag éirí as. Dhá mhí ina dhiaidh sin, d'éirigh Alan Shatter as mar Aire Dlí agus Cirt. Léirigh

tuarascáil Guerin nár tugadh dóthain suntais do líomhaintí McCabe. Chuaigh an Sáirsint McCabe ansin amach ar shaoire thinnis ón obair.

I mí na Samhna in 2014, ceapadh Nóirín O'Sullivan ina Coimisinéir ar na Gardaí. Bunaíodh fiosrúchán O'Higgins in 2015, le h_____ a dhéanamh ar líomhaintí McCabe. Sheas an fiosrúchán lena líomhaintí. Dé Luain seo caite, dúirt an tIar-Aire Brendan Howlin sa Dáil gur thug Coimisinéir na nGardaí, Nóirín O'Sullivan, le fios d'iriseoirí in 2013 agus in 2014, go raibh baint ag an Sáirsint McCabe le coireanna gnéis. Dé Céadaoin seo caite, bunaíodh coimisiún fiosrúcháin Charlton, le _____ i gcoinne Maurice McCabe a fhiosrú. San oíche Déardaoin, mhaígh an clár *Prime Time* gur sheol *Tusla* comhad chuig na Gardaí ina raibh líomhaintí bréagacha i gcoinne McCabe maidir le _____. Botún cléireachais a dúirt *Tusla* ina dhiaidh sin a bhí i gceist. Ní fios fós céard atá i ndán don Choimisinéir de bharr an scéil, ná an tAire Dlí agus Cirt, ná fiú an Rialtas.

*Bí cúramach! Tá séimhiú ann.

Ceist 4 Cuir na pointí eolais thíos in ord aimsire:

- D'éirigh an tAire Dlí agus Cirt as a phost.
- Dúirt Brendan Howlin gur inis Nóirín O'Sullivan d'iriseoirí go raibh baint ag McCabe le coireanna gnéis.
- Thug Maurice McCabe le fios den chéad uair go raibh imní air faoi mhíchleachtas sna Gardaí Síochána.
- D'éirigh Coimisinéir na nGardaí, Martin Callinan, as a phost.
- Ceapadh Nóirín O'Sullivan ina Coimisinéir ar na Gardaí.
- Deir *Tusla* gur cuireadh an comhad ina raibh na líomhaintí bréagacha chuig na Gardaí de bharr botún cléireachais.
- Bunaíodh fiosrúchán O'Higgins chun líomhaintí McCabe a fhiosrú.
- Bunaíodh fiosrúchán Charlton le hiniúchadh a dhéanamh ar an bhfeachtas clúmhillte i gcoinne McCabe.
- Dúirt McCabe go raibh Gardaí ag maitheamh pointí pionóis do dhaoine. Fógraíodh athbhreithniú ar an gcóras sin.

Féach siar ar an mír le feiceáil an raibh an ceart agat!

Ceist 5 Agus tú ag féachaint ar an mír arís, breac síos gach sampla den aimsir chaite a chloiseann tú! Cum ceisteanna leis na briathra céanna, san aimsir chaite ansin. Mar shampla:

'..rinne…'

An ndearna tú na ceisteanna ar fad?

Ceist 6 Cuir na focail seo in abairtí lena mbrí a léiriú:

- imní ar
- éirigh as
- i measc
- ar bhonn
- i bhfianaise

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1
Plé atá i gceist leis an gceist seo.

Ceist 2

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10
f	a	j	g	i	b	e	c	h	d

Ceist 3
Féach an script.

Ceist 4
1. Thug Maurice McCabe le fios den chéad uair go raibh imní air faoi mhíchleachtas sna Gardaí Síochána.
2. Dúirt McCabe go raibh Gardaí ag maitheamh pointí pionóis do dhaoine. Fógraíodh athbhreithniú ar an gcóras sin.
3. D'éirigh Coimisinéir na nGardaí, Martin Callinan, as a phost.
4. D'éirigh an tAire Dlí agus Cirt as a phost.
5. Ceapadh Nóirín O'Sullivan ina Coimisinéir ar na Gardaí.
6. Bunaíodh fiosrúchán O'Higgins chun líomhaintí McCabe a fhiosrú.
7. Dúirt Brendan Howlin gur inis Nóirín O'Sullivan d'iriseoirí go raibh baint ag McCabe le coireanna gnéis.
8. Bunaíodh fiosrúchán Charlton le hiniúchadh a dhéanamh ar an bhfeachtas clúmhillte i gcoinne McCabe.
9. Deir *Tusla* gur cuireadh an comhad ina raibh na líomhaintí bréagacha chuig na Gardaí de bharr botún cléireachais.

Ceist 5
'a rinne' – An ndearna...?
'a thug' x 2 – Ar thug...?
'go raibh' x 4 – An raibh...?
'a bhí' x 2 – An raibh...?
'dúirt' x 4 – An ndúirt...?
'fógraíodh' – Ar fógraíodh…?
'd'fhógair' – Ar fhógair...?
'd'éirigh' – Ar éirigh...?
'léirigh' – Ar léirigh...?
'nár tugadh' – Ar tugadh…?
'chuaigh' – An ndeachaigh...?
'ceapadh' – Ar ceapadh…?
'bunaíodh' x 2 – Ar bunaíodh…?
'sheas' – Ar sheas...?
'mhaígh' – Ar mhaígh...?
'sheol' – Ar sheol...?

Ceist 6
imní ar – *anxious*
éirigh as – *retire, resign, stop*
i measc – *among*
ar bhonn – *basis*
i bhfianaise – *in view of*

Eimear Ní Chonaola
Tá na líomhaintí a rinne an Garda Sáirsint Maurice McCabe maidir le míchleachtais i measc gardaí áirithe ag dul siar go dtí 2008. Caithfidh Irene Ní Nualláin súil anois ar chúlra an scéil.

Irene Ní Nualláin
In 2008 a thug an Garda Sáirsint Maurice McCabe le fios ar dtús go raibh imní air faoi chleachtais i measc gardaí áirithe. Ag cruinniú príobháideach a bhí ag McCabe leis an gCoiste um Chuntais Phoiblí in 2014, dúirt sé go mbíodh Gardaí ag maitheamh pointí pionóis do dhaoine ar bhonn rialta. Dhá mhí ina dhiaidh sin, fógraíodh athbhreithniú ar chóras na bpointí pionóis. Dúirt Coimisinéir na nGardaí, Martin Callinan, leis an gCoiste um Chuntais Phoiblí go raibh iompar na sceithirí déistineach, focal a bhféadfaí[1] brí eile a bhaint as i bhfianaise an méid atá nochta le seachtain anuas. Coicís ina dhiaidh sin, d'fhógair an Coimisinéir Callinan go raibh sé ag éirí as. Dhá mhí ina dhiaidh sin, d'éirigh Alan Shatter as mar Aire Dlí agus Cirt. Léirigh tuarascáil Guerin nár tugadh dóthain suntais do líomhaintí McCabe. Chuaigh an Sáirsint McCabe ansin amach ar shaoire thinnis[2] ón obair.

I mí na Samhna in 2014, ceapadh Nóirín O'Sullivan ina Coimisinéir ar na Gardaí. Bunaíodh fiosrúchán O'Higgins in 2015, le hiniúchadh a dhéanamh ar líomhaintí McCabe. Sheas an fiosrúchán lena líomhaintí. Dé Luain seo caite, dúirt an tIar-Aire Brendan Howlin sa Dáil gur thug Coimisinéir na nGardaí, Nóirín O'Sullivan, le fios d'iriseoirí in 2013 agus in 2014, go raibh baint ag an Sáirsint McCabe le coireanna gnéis. Dé Céadaoin seo caite, bunaíodh coimisiún fiosrúcháin Charlton, le feachtas clúmhillte i gcoinne Maurice McCabe a fhiosrú. San oíche Déardaoin, mhaígh an clár *Prime Time* gur sheol *Tusla* comhad chuig na Gardaí ina raibh líomhaintí bréagacha i gcoinne McCabe maidir le mí-úsáid ghnéis. Botún cléireachais a dúirt *Tusla* ina dhiaidh sin a bhí i gceist. Ní fios fós céard atá i ndán don Choimisinéir de bharr an scéil, ná an tAire Dlí agus Cirt, ná fiú an Rialtas.

Irene Ní Nualláin, Nuacht TG4.

[1] *a d'fhéadfaí* a deirtear
[2] *ar shaoire tinnis* a deirtear